## CLÁR

*Leathanach*


| | | |
|---|---|---|
| **Brollach** | | 5 |
| **TEIDEAL I** | **Cúraimí an Chomhphobail** | 5 |
| **TEIDEAL II** | **Forálacha chun ascnamh a spreagadh i réim an fhuinnimh núícléach** | 7 |
| CAIBIDIL 1 | TAIGHDE A CHUR CHUN CINN | 7 |
| CAIBIDIL 2 | FAISNÉIS A LEATHADH | 9 |
| Roinn 1 | Faisnéis atá faoina réir ag an gComhphobal | 9 |
| Roinn 2 | Faisnéis eile | 10 |
| Roinn 3 | Forálacha slándála | 15 |
| Roinn 4 | Forálacha speisialta | 18 |
| CAIBIDIL 3 | SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT | 18 |
| CAIBIDIL 4 | INFHEISTÍOCHT | 21 |
| CAIBIDIL 5 | GNÓTHAIS CHOMHPHÁIRTEACHA | 22 |
| CAIBIDIL 6 | SOLÁTHAIRTÍ | 24 |
| Roinn 1 | An Ghníomhaireacht | 24 |
| Roinn 2 | Mianta, bunábhair agus ábhair inscoilte speisialta ó laistigh den Chomhphobal | 25 |
| Roinn 3 | Mianta, bunábhair agus ábhair inscoilte speisialta ó lasmuigh den Chomhphobal | 28 |
| Roinn 4 | Praghsanna | 29 |
| Roinn 5 | Forálacha maidir le beartas soláthair | 29 |
| Roinn 6 | Forálacha speisialta | 30 |
| CAIBIDIL 7 | COIMIRCÍ | 32 |
| CAIBIDIL 8 | ÚINÉIREACHT MHAOINE | 35 |
| CAIBIDIL 9 | AN CÓMHARGADH NÚICLÉACH | 36 |
| CAIBIDIL 10 | CAIDREAMH SEACHTRACH | 38 |
| **TEIDEAL III** | **Forálacha ag rialú na n-institiúidí agus forálacha airgeadais** | 40 |
| CAIBIDIL 1 | FORÁLACHA ÁIRITHE DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH AGUS DEN CHONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH A CHUR I BHFEIDHM | 40 |

| | | |
|---|---|---|
| CAIBIDIL 2 | INSTITIÚIDÍ AN CHOMHPHOBAIL | 40 |
| Roinn I | Parlaimint na hEorpa | 40 |
| Roinn 2 | An Chomhairle | 40 |
| Roinn 3 | An Coimisiún | 40 |
| Roinn 4 | Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | 41 |
| Roinn 5 | An Chúirt Iniúchóirí | 42 |
| CAIBIDIL 3 | FORÁLACHA IS COITEANN D'INSTITIÚIDÍ ÉAGSÚLA | 42 |
| CAIBIDIL 4 | AN COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA | 43 |
| **TEIDEAL IV** | **Forálacha airgeadais sonracha** | 43 |
| **TEIDEAL V** | **Forálacha ginearálta** | 46 |
| **TEIDEAL VI** | **Forálacha maidir leis an tréimhse tosaigh (aisghairthe)** | 51 |
| | **Foralacha criochnaitheacha** | 51 |
| **IARSCRÍBHINNÍ** | | |
| IARSCRÍBHINN I | RÉIMSÍ TAIGHDE A BHAINEANN LE FUINNEAMH NÚICLÉACH DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4 DEN CHONRADH SEO | 54 |
| IARSCRÍBHINN II | GNÍOMHAÍOCHTAÍ TIONSCAIL DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 41 DEN CHONRADH SEO | 58 |
| IARSCRÍBHINN III | BUNTÁISTÍ IS INDEONAITHE DO GHNÓTHAIS CHOMHPHÁIRTEACHA FAOI AIRTEAGAL 48 DEN CHONRADH SEO | 59 |
| IARSCRÍBHINN IV | LIOSTA DE NA hEARRAÍ AGUS NA TÁIRGÍ ATÁFAOI RÉIR FHORÁLACHA CHAIBIDIL 9 AR AN gCÓMHARGADH NÚICLÉACH | 60 |
| IARSCRÍBHINN V | RÉAMHCHLÁR TAIGHDE AGUS TEAGAISC DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 215 DEN CHONRADH SEO (Aisghairthe) | 66 |
| **PRÓTACAIL** | | |
| Prótacal maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach | | 69 |
| Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | | 72 |
| Prótacal maidir le suímh institiúidí an Aontais Eorpaigh, suímh comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus ranna áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh a shocrú | | 96 |
| Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh | | 97 |
| Prótacal maidir le hAirteagal 40.3.3 de Bhunreacht na hÉireann | | 105 |
| Prótacal maidir le forálacha idirthréimhseacha | | 106 |

*IARSCRÍBHINN I*

## RÉIMSÍ TAIGHDE A BHAINEANN LE FUINNEAMH NÚICLÉACH DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4 DEN CHONRADH SEO

### I **Amh-ábhair**

1. Modhanna cuardaigh agus mianadóireachta bunábhar (úráiniam, tóiriam agus táirgí eile tábhachta ar leith i réimse an fhuinnimh núicléach).

2. Modhanna chun na hábhair sin a thiubhú agus chun iad a chlaochlú ina gcomhdhúile d'íonacht theicniúil.

3. Modhanna chun na comhdhúile sin d'íonacht theicniúil a chlaochlú ina gcomhdhúile agus miotail de cháilíocht núicléach.

4. Modhanna chun na comhdhúile agus na miotail sin — agus plútóiniam, úráiniam-235 nó úráiniam-233, íon nó i dteaglaim leis na comhdhúile nó na miotail sin — a chlaochlú agus a phróiseáil ina n-eilimintí breosla i dtionscail na gceimiceach, na criadóireachta nó na miotalóireachta.

5. Modhanna chun na heilimintí breosla sin a chosaint ar chreimeadh nó ar chnaí ag oibrithe eachtracha.

6. Modhanna chun ábhair speisialta eile a úsáidtear i réimse an fhuinnimh núicléach a tháirgeadh, a mhínghlanadh, a phróiseáil agus a chaomhnú, go háirithe:

   (a) measraitheoirí, mar uisce trom, graifít de cháilíocht núicléach, beiriliam agus ocsaíd bheiriliam;

   (b) ábhair fhorganta, mar shiorcóiniam (saor ó haifniam), nióibiam, lantanam, tiotáiniam, beiriliam agus a n-ocsaídí, a gcairbídí agus comhdhúile eile is féidir a úsáid i réimse an fhuinnimh núicléach;

   (c) cuisnitheoirí, mar héiliam, leachtaí orgánacha, sóidiam, cóimhiotail de shóidiam-potaisiam, biosmat, cóimhiotail de bhiosmatluaidhe.

7. Modhanna scartha iseatóipí:

   (a) d'úráiniam;

   (b) d'ábhair i gcainníochtaí inmheáite is féidir a úsáid chun fuinneamh núicléach a tháirgeadh, mar litiam-6, litiam-7, nitrigin-15 agus bórón-10;

   (c) d'iseatóipí a úsáidtear i gcainníochtaí beaga le haghaidh taighde.

## II Fisic a bhaineann le fuinneamh núicléach

1. Fisic theoiriciúil fheidhmeach:

   (a) imoibrithe núicléacha lagfhuinnimh, go háirithe imoibrithe a ionduchtaíodh le neodróin;

   (b) scoilteadh;

   (c) imoibriú radaíochta ianúcháin agus fótón le damhna;

   (d) teoiric na staide soladaí;

   (e) staidéar ar chomhleá, go háirithe maidir le hiompraíocht phlasma ianaithe faoi oibriú fórsaí leictreamaighnéadacha agus le teirmidinimic teochtaí fíorarda.

2. Fisic thurgnamhach fheidhmeach:

   (a) na hábhair a shonraítear in 1 thuas,

   (b) staidéar ar airíonna dúile trasúráineacha a bhfuil tábhacht leo i réimse an fhuinnimh núicléach.

3. Ríomhaireachtaí imoibritheora:

   (a) fisic theoiriciúil mhacrascapach neodrón;

   (b) tomhais thurgnamhacha neodrón; turgnaimh easpónantúla agus chriticiúla;

   (c) riomhaireachtaí teirmidinimice agus ríomhaireachtaí ar fhriotaíocht ábhar;

   (d) tomhais thurgnamhacha chomhfhreagracha;

   (e) cinéitic imoibritheora, fadhbanna rialúcháin imoibritheora agus turgnaimh iomchuí;

   (f) ríomhaireachtaí a bhaineann le cosaint ar radaíocht agus turgnaimh iomchuí.

## III Ceimic fhisiciúil imoibritheora

1. Staidéar ar athruithe a thig ar chomhdhéanamh fisiciúil agus ceimiceach, agus ar athruithe a thig ar airíonna teicniúla ábhar éagsúil, sna himoibritheoirí de bharr:

   (a) teas;

   (b) nádúr na n-oibrithe tadhlacha;

   (c) tosca meicniúla.

2. Staidéar ar dhíghrádú agus feiniméin eile a thig ó ionradaíocht:

   (a) in eilimintí breosla;

   (b) in ábhair fhorganta agus i gcuisnitheoirí;

   (c) i measraitheoirí.

3. Ceimic anailíseach agus ceimic fhisiciúil anailíseach a chur chun feidhme ar chomhpháirteanna imoibritheora.

4. Ceimic fhisiciúil imoibritheoirí aonchinéalacha: radaicheimic, cnaí.

## IV Ábhar radaighníomhach a phróiseáil

1. Modhanna chun plútóiniam agus úráiniam-233 a bhaint as breoslaí ionradaithe, agus inghnóthaitheacht úráiniam nó tóiriam.

2. Ceimic agus miotalóireacht phlútóiniam.

3. Modhanna chun dúile trasúráineacha eile a bhaint amach agus ceimic na ndúile sin.

4. Modhanna bainte amach, agus ceimic, rada-iseatóipí úsáideacha:

   (a) torthaí de bhíthin scoilte;

   (b) rada-iseatóipí a fhaightear trí ionradaíocht.

5. Iarmhar radaighníomhach gan mhaith a chomhchruinniú agus a stóráil.

## V Feidhmeanna rada-iseatóipí

Feidhm rada-iseatóipí mar eilimintí gníomhacha nó mar rianairí:

(a) sa tionscal agus san eolaíocht;

(b) sa mhíochaine agus sa bhitheolaíocht;

(c) sa talmhaíocht.

## VI Staidéar ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ar organachtaí beo

1. Staidéar ar bhrath agus tomhas radaíochtaí dochracha.

2. Staidéar ar bhearta leormhaithe coiscthe agus cosanta agus ar na caighdeáin sabháilteachta is iomchuí.

3. Staidéar ar chóireáil theiripeach in aghaidh éifeachtaí na radaíochta.

## VII Trealamh

Staidéir a bhaineann le déanamh agus feabhsú trealaimh atá ceaptha go speisialta ní hamháin le haghaidh imoibritheoirí ach fós d'aon suiteálacha tionscail agus taighde is gá don obair thaighde thuasluaite sin. Seo roinnt samplaí:

1. Trealamh meicniúil de na cineálacha seo a leanas:

   (a) caidéil le haghaidh sreabháin speisialta;

   (b) malartóirí teasa;

   (c) gaireas le haghaidh taighde san fhisic núicléach, mar roghnóirí luais neodrón;

   (d) trealamh cianláimhsithe.

2. Trealamh leictreach de na cineálacha seo a leanas:

   (a) ionstraimí chun radaíocht a bhrath agus a thomhas, a úsáidtear go háirithe:

      — ag cuardach mianraí,

      — sa taighde eolaíoch agus teicniúil,

      — chun imoibritheoirí a rialú,

      — ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht;

   (b) trealamh chun imoibritheoirí a rialú,

   (c) luasairí cáithníní lagfhuinnimh (suas go 10 MeV).

## VIII Gnéithe eacnamaíocha de tháirgeadh fuinnimh

1. Staidéar comparáideach, idir theoiriciúil agus thurgnamhach, ar na cineálacha éagsúla imoibritheoirí.

2. Staidéar teicniúil agus eacnamaíoch ar thimthrialla breoslaí.

*IARSCRÍBHINN II*

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TIONSCAIL DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 41 DEN CHONRADH SEO

1. Mianadóireacht ar mhianta úráiniam agus tóiriam.

2. Na mianta sin a thiubhú.

3. Próiseáil cheimiceach agus mínghlanadh ar thiubhachain úráiniam agus tóiriam.

4. Breoslaí núicléacha, i bhfoirm ar bith, a ullmhú.

5. Eilimintí breosla núicléach a mhonarú.

6. Heicseafluairíd úráiniam a tháirgeadh.

7. Úráiniam saibhrithe a tháirgeadh.

8. Breoslaí ionradaithe a phróiseáil chun na heilimintí go léir iontu nó aon chuid díobh, a scaradh.

9. Measraitheoirí imoibritheora a tháirgeadh.

10. Siorcóiniam saor ó haifniam, nó comhdhúile de, a tháirgeadh.

11. Imoibritheoirí núicléacha de gach cineál agus chun gach críche.

12. Saoráidí chun próiseáil thionsclaíoch a dhéanamh ar iarmhar radaighníomhach, arna mbunú i dteannta saoráide nó saoráidí dá sonraítear sa liosta seo.

13. Fearais leath-thionsclaíocha atá ceaptha chun an bealach a réiteach le haghaidh gléasraí a dhéanamh a bhaineann le ceann de na rannóga 3 go 10.

*IARSCRÍBHINN III*

## BUNTÁISTÍ IS INDEONAITHE DO GHNÓTHAIS CHOMHPHÁIRTEACHA FAOI AIRTEAGAL 48 DEN CHONRADH SEO

1. (a) Aitheantas ar stádas leas an phobail, de réir na reachtaíochta naisiúnta, a bheith ag baint le seilbh a fháil ar mhaoin dhochorraithe a bhfuil gá léi chun Gnóthais Chomhpháirteacha a bhunú.

   (b) Feidhmiú, de réir na reachtaíochta náisiúnta, an nós imeachta chun seilbh a thógáil go héigeantach ar mhaoin ar mhaithe le leas an phobail, ionas go bhféadfar maoin a thógáil amhlaidh mura dtagtar ar chomhaontú cairdiúil.

2. An ceart chun ceadúnais a fháil, trí eadráin nó faoi chumhachtaí éigeantacha mar a fhoráiltear in Airteagail 17 go 23.

3. Saoirseacht ó gach dleacht agus muirear nuair a bhunaítear Gnóthais Chomhpháirteacha agus ó gach muirear ar shócmhainní a thugtar.

4. Saoirseacht ó gach dleacht agus muirear a thobhaítear i leith seilbh a fháil ar mhaoin dhochorraithe agus ó gach muirear clárúcháin agus taifid ina leith.

5. Saoirseacht ó gach dleacht dhíreach a bheadh inchurtha d'éagmais na forála seo ar Ghnóthais Chomhpháirteacha, ar a maoin, a sócmhainní agus a n-ioncam.

6. Saoirseacht ó gach dleacht chustaim agus gach muirear comhéifeachta agus ó gach toirmeasc agus srian ar allmhairí agus onnmhairí, cibé acu de chineál eacnamaíoch nó fioscach dóibh, i gcás:

   (a) ábhar eolaíoch agus teicniúil, cé is moite d'ábhair fhoirgníochta agus ábhar le haghaidh riaracháin;

   (b) substaintí a ndearnadh nó a ndéanfar próiseáil orthu sa Ghnóthas Comhpháirteach.

7. Saoráidí malairte dá bhforáiltear in Airteagal 182(6).

8. Díolúine ó shrianta ar dhul isteach agus ar chónaí a dhéanamh do náisiúnaigh Bhallstát atá fostaithe ag Gnóthais Chomhpháirteacha agus dá gcéilí agus do bhaill chleithiúnacha dá dteaghlaigh.

*IARSCRÍBHINN IV*

# LIOSTA DE NA hEARRAÍ AGUS NA TÁIRGÍ ATÁ FAOI RÉIR FHORÁLACHA CHAIBIDIL 9 AR AN gCÓMHARGADH NÚICLÉACH

**Liosta A[1]**

Mianta úráiniam ina bhfuil thar 5 faoin gcéad de réir meáchain d'úráiniam nádúrtha.

Uráininít ina bhfuil thar 5 faoin gcéad de réir meáchain d'úráiniam nádúrtha.

Ocsaíd úrainiam.

Comhdhúile neamhorgánacha d'úráiniam nádúrtha seachas oscáid úráiniam agus heicseafluairíd úráiniam.

Comhdhúile orgánacha d'úráiniam nádúrtha.

Úráiniam nádúrtha, amh nó próiseáilte.

Cóimhiotail ina bhfuil plútóiniam.

Comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha d'úráiniam saibhrithe i gcomhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha d'úráiniam-235.

Comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha d'úráiniam-233.

Tóiriam saibhrithe in úráiniam-233.

Comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha de phlútóiniam.

Úráiniam saibhrithe i bplútóiniam.

Úráiniam saibhrithe in úráiniam-235.

Cóimhiotail ina bhfuil úráiniam saibhrithe in úráiniam-235 nó úráiniam-233.

Plútóiniam.

Úráiniam-233.

Heicscafluairíd úráiniam.

Monaisít.

Mianta tóiriam ina bhfuil thar 20 faoin gcéad de réir meáchain de thóiriam.

Úráineo-tóiriainit ina bhfuil thar 20 faoin gcéad de thóiriam.

Tóiriam amh nó próiseáilte.

Ocsaíd tóiriam.

Comhdhúile neamhorgánacha de thóiriam seachas ocsaíd tóiriam.

Comhdhúile orgánacha de thóiriam.

**Liosta A[2]**

Deoitéiriam agus a chomhdhúile (lena n-áirítear uisce trom) inar mó ná 1: 5 000 an coibhneas idir uimhir na n-adamh deoitéiriam agus uimhir na n-adamh normalach hidrigine.

Trompharaifin inar mó ná 1: 5 000 an coibhneas idir uimhir na n-adamh deoitéiriam agus uimhir na n-adamh normalach hidrigine.

Meascáin agus tuaslagáin inar mó ná 1: 5 000 an coibhneas idir uimhir na n-adamh deoitéiriam agus uimhir na n-adamh normalach hidrigine.

Imoibritheoirí núicleacha.

Trealamh chun iseatóipí úráiniam a scaradh trí idirleathadh gásach nó ar mhodhanna eile.

Trealamh chun deoitéiriam, a chomhdhúile (lena n-áirítear uisce trom) agus a dhíorthaigh agus meascáin nó tuaslagáin, ina bhfuil deoitéiriam, a tháirgeadh, agus inar mó ná 1: 5 000 an coibhneas idir uimhir na n-adamh deoitéiriam agus uimhir na n-adamh normalach hidrigine:

- trealamh a oibríonn trí leictriliú uisce,
- trealamh a oibríonn trí uisce, hidrigin leachtach, etc. a dhriogadh,
- trealamh a oibríonn trí mhalartú iseatóipeach idir suilfíd hidrigine agus uisce, trí athrú teochta,
- trealamh a oibríonn trí theicnicí eile.

Trealamh atá ceaptha go speisialta chun próiseáil cheimiceach a dhéanamh ar ábhar radaighníomhach:

- trealamh chun breosla ionradaithe a scaradh:
  - ar bhealach ceimiceach (tuaslagáin, deascúcháin, ianmhalartú, etc.),
  - ar bhealach fisiciúil (driogadh codánach, etc.),
- trealamh dramh-phróiseála,
- trealamh chun breosla a thimthriall athuair.

Trífhluairíd bhróimín.

Hidreocsaíd litiam.

Fluairíd litiam.

Clóiríd litiam.

Hidríd litiam.

Carbónáit litiam.

Ocsaíd bheiriliam de cháilíocht núicléach.

Brící teasfhulangacha d'ocsaíd bheiriliam de cháilíocht núicléach.

Táirgí teasfhulangacha eile d'ocsaíd bheiriliam de cháilíocht núicléach.

Graifít shaorga i bhfoirm blocanna nó barraí ina bhfuil an cion bóróin níos lú ná, nó cóimhéid le, páirt amháin sa mhilliún agus ina bhfuil an trasghearradh micreascópach go léir d'ionsú neodrón teirmeach níos lú ná, nó cóimhéid le, 5 mhilleabarn.

Iseatóipí cobhsaí atá scartha go saorga.

Deighilteoirí ian leictreamaighnéadacha, lena n-áirítear mais-speictreagraif agus mais-speictriméadair.

Samhlaitheoirí imoibritheora (ríomhairí analacháide speisialta).

Cianláimhsitheoirí meicniúla:

— lámhrialaithe (i.e. faoi rialú láimhe mar a bheadh uirlis ann).

Caidéil leacht-mhiotail.

Caidéil ardfholúis.

Malartóirí teasa atá ceaptha go speisialta do stáisiúin chumhachta núicléacha.

Ionstraimí braite radaíochta (agus páirteanna breise) d'aon chineál acu seo a leanas, atá ceaptha go speisialta, nó inchurtha in oiriúint, chun radaíocht núicléach a bhrath nó a thomhas, mar atá alfa- agus béata-cháithníní, gamma-ghathanna, neodróin agus prótóin:

— feadáin d'áiritheoirí Geiger agus d'áiritheoirí comhréireacha,

— ionstraimí braite nó tomhais ina bhfuil feadáin Geiger-Muller nó d'áiritheoirí comhréireacha,

— ianlanna,

— ionstraimí ina bhfuil ianlanna,

— trealamh braite nó tomhais radaíochta chun mianraí a chuardach agus chun imoibritheoirí, aer, uisce nó cré a thástáil,

— feadáin bhraite neodrón a úsáideann bórón, trifhluairíd bhóróin, hidrigin nó dúil inscoilte,

— ionstraimí braite nó tomhais ina bhfuil feadáin bhraite neodrón a úsáideann bórón, trífhluairíd bhóróin, hidrigin nó dúil inscoilte,

— criostail drithlí, gléasta nó i gcás miotail (drithleoirí soladacha),

— ionstraimí braite nó tomhais ina bhfuil drithleoirí leachtacha soladacha nó gásacha,

— aimplitheoirí atá ceaptha go speisialta do thomhais núicléacha, lena n-áirítear aimplitheoirí líneacha, réamhaimplitheoirí, aimplitheoirí dáilte agus anailíseoirí bíog-airde,

— deiseanna comhthitime lena n-úsáid le brathadóirí radaíochta,

— leictreascóip agus leictriméadair, lena n-áirítear dosaiméadair (ach gan iad seo a leanas a áireamh; ionstraimí atá ceaptha le haghaidh teagaisc, leictreascóip shimplí duillí miotail, dosaiméadair atá ceaptha go speisialta lena n-úsáid le trealamh liachta X-gha agus ionstraimí tomhais leictreastatach),

— ionstraimí atá in ann sruth faoi bhun micri-mhicri-aimpéar amháin a thomhas,

— feadáin fóta-iolraitheoirí le fótacatóid a thugann sruth 10 mhicri-aimpéar ar a laghad an lúman agus inar mó ná $10^5$ an meánaimpliú, agus iolraitheoir leictreach d'aon chineál eile a ghníomhachtaítear le hiain dhearfacha,

— scálóiri agus suimeálaitheoirí leictreonacha chun radaíocht a bhrath.

Cioclatróin, gineadóirí leictreastatacha de chineálacha Van de Graaff nó Cockroft-Walton, luasairí líneacha agus meaisíní eile atá in ann fuinneamh is mó ná 1 MeV a thabhairt do cháithníní núicléacha.

Maighnéid atá ceaptha agus déanta go speisialta do na meaisíní agus don trealamh (cioclatróin etc.) thuasluaite.

Feadáin luasghéaraithe agus fócasaithe den chineál a úsáidtear i mais-speictriméadair agus i mais-speictreagraif.

Foinsí diana leictreonacha d'iain dhearfacha lena n-úsáid le luasairí cáithníní, mais-speictriméadair agus deiseanna dá samhail.

Plátghloine frithradaíochta:

— plátghloine theilgthe nó rollta (lena n-áirítear gloine shreangaithe nó léadaithe) i gcearnóga nó i ndronuilleoga, snoite nó snasta ach gan oibriú thairis sin orthu,

— plátghloine theilgthe nó rollta (snoite nó snasta nó gan a bheith) gearrtha de réir crutha seachas cruth cearnach nó dronuilleogach, nó lúbtha nó oibrithe ar shlí eile (mar shampla, ciumhaisoibrithe nó greanta);

— gloine shábháilteachta, arb é atá inti gloine righnithe nó lannaithe, cumtha nó gan a bheith.

Éadaí aerdhíonacha a thugann cosaint in aghaidh radaíochta nó truailliú radaighníomhaíochta:

— de phlaisteach,

— de rubar,

— d'uige tuilithe nó cótáilt:

  — le haghaidh fear,

  — le haghaidh ban.

Défhionail (nuair is é atá ann dáiríre an hidreacarbón aramatach $C_6H_5C_6H_5$).

Trífhionail.

